**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000030/2022**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136
**Sabine Verheyen**
thar ceann an Choiste um Chultúr agus um Oideachas

Ábhar: Dlúthpháirtíocht chultúrtha leis an Úcráin agus comhshásra práinnfhreagartha le haghaidh téarnamh cultúrtha san Eoraip

1. An bhfuil sé i gceist ag an gCoimisiún bearta breise a chur chun feidhme chun cur i gcoinne fheachtas bolscaireachta agus bréagaisnéise na Rúise? An n-urramófar go comhsheasmhach leis na bearta sin prionsabal na coimhdeachta i réimse an bheartais maidir leis na meáin agus cineál déach na meán mar earra eacnamaíoch agus cultúrtha? Cad iad na bearta beartais is féidir a chur i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun cur i gcoinne na n-ionsaithe sin agus chun na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ar an Aontas a neodrú, agus aird ar leith á tabhairt ar leochaileacht grúpaí áirithe, amhail daoine óga?

2. Anuas ar na bearta beartais a fógraíodh roimhe seo (Eoraip na Cruthaitheachta, an t-ardán 'Creatives Unite' agus an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta), an bhfuil an Coimisiún ag pleanáil nó ag féachaint ar thuilleadh acmhainní a shlógadh agus bearta beartais breise a dhéanamh chun cuidiú le hearnálacha agus gairmithe an chultúir agus na cruthaitheachta san Úcráin, chomh maith leo siúd atá ag obair leis an Úcráin ó thaobh istigh den Aontas? An bhfuil scéimeanna tacaíochta atá soiléir agus inrochtana go héasca i bhfeidhm? An bhfuil sé i gceist aige cuidiú le hoidhreacht chultúrtha agus ailtireachta na hÚcráine a atógáil agus a athshlánú?

3. Conas a dhéanfaidh an Coimisiún an cultúr a phríomhshruthú sna réimsí beartais uile d'fhonn spás cultúrtha Eorpach athléimneach a thógáil? An bhféadfadh sé féachaint an bhféadfaí sásra práinnfhreagartha agus téarnaimh de chuid an Aontais a bhunú a bheadh tiomanta go sonrach don chultúr, don oidhreacht chultúrtha agus d'éiceachórais chruthaitheacha, bunaithe ar chur chuige il-gheallsealbhóra?

Curtha síos: 25.7.2022

Spriocdháta i gcomhair freagra: 26.10.2022